SDA1229 Eureka 6.17 Irish:. 25/02/2010 15:25 Page 1

Irish Independent
eureka

Buaiteoir 2005 – Gradam Domhanda an Léitheora Óig – Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)

Imleabhar 6, Eagrán 17
3 Márta 2010

The Irish Independent Forlíonadh Eolaíochta do Scoileanna

Tá na laethanta ag éirí níos faide agus tá daoine ag caint ar theacht an earraigh. Ach níl gach duine den tuairim chéanna faoi cén uair a thosaíonn an t-earrach go díreach. Deir roinnt daoine in Éirinn go dtosaíonn an t-earrach ar Lá Fhéile Bríde, an chéad lá d'Fheabhra. Deir daoine eile nach dtosaíonn sé go dtí mí an Mhárta. Ar chaoi ar bith, is é an rud is tábhachtaí go bhfuil deireadh ag teacht leis an ngeimhreadh. Ceapann roinnt eolaithe go dtagann an t-earrach níos luaithe gach bliain. Is féidir leat cabhrú leo an tuairim seo a iniúchadh má ghlacann tú páirt sa tionscnamh Greenwave. Iarrann Greenwave ort **breathnú** ar chrainn ar leith agus taifead a dhéanamh den dáta a thagann na duilleoga amach orthu. Déanann tú taifead freisin ar an dáta a fheiceann tú bláthanna, éin agus ainmhithe áirithe.

B'fhéidir nach í mí Feabhra an mhí is spreagúla (most exciting) sa bhliain ach tá raidhse mhór rudaí is féidir linn a cheiliúradh. Bhí Lá Fhéile Bríde ag tús na míosa, Lá Fhéile Vailintín i lár na míosa agus ar ndóigh, bhí briseadh meántéarma againn. Conas a cheiliúrann daoine teacht an earraigh i dtíortha eile ?

Bhuel, dá mbeifeá i do chónaí san Astráil nó sa Nua-Shéalainn, bheadh teacht an earraigh á ceiliúradh agat i mí Mheán an Fhómhair. Labhair leis an múinteoir faoi seo. Féachfaidh Eureka na seachtaine seo ar cheiliúradh an earraigh san Áis, go háirithe san India, sa tSín agus sa tSeapáin. Is féidir leat fáil amach freisin faoi pháirt a ghlacadh i dturgnamh eolaíochta eile atá ar siúl anseo in Éirinn.

Gníomhaíocht

Ceiliúradh an earraigh ar fud an domhain

Léigh tú ar an gcéad leathanach go gceiliúrann daoine teacht an earraigh ar fud an domhain. San India, bíonn ceiliúradh an-dhathannach (colourful) acu. Ceiliúrfaidh siad Féile Holi nó Féile na nDathanna Dé Luain seo chugainn. Imríonn daoine le dathanna chun beannachtaí na féile a ghuí ar a chéile. Caitheann siad an lá ar fad ag cuimilt púdair dhaite ar aghaidheanna a gcairde, ag caitheamh uisce dhaite ar a chéile, ag freastal ar chóisirí agus ag damhsa faoi aisréadóirí (sprinklers) uisce.

Cad a tharlóidh má mheascann na daoine na dathanna a chaitheann siad? Faighimid torthaí aisteach nuair a mheascaimid dathanna. Bain triail as an ngníomhaíocht seo go bhfeicfidh tú.

Is iad dearg, buí agus gorm na dathanna príomhúla (primary). Ní féidir dath príomhúil a dhéanamh má mheascann tú dathanna eile. Chuir Maidhc agus Mollaí iad ar roth na ndathanna. Níor chuir siad na dathanna tánaisteacha isteach ar roth na ndathanna. Cabhraigh leo fáil amach cad iad na dathanna seo.

Leid: Nuair a mheascann tú dhá dhath phríomhúla le chéile, déanann tú dath tánaisteach
Tá dath tánaisteach leath-bhealaigh idir an dá dhath phríomhúla a mheasc tú le chéile chun an dath tánaisteach a dhéanamh. Ar roth na ndathanna, beidh na dathanna tánaisteacha suite idir na dathanna a d'úsáid tú chun iad a dhéanamh.

BUNÁBHAIR:

- Péint dhearg, péint bhuí, péint ghorm
- Scuaba péinte
- Uisce
- Páipéar
- Roth na ndathanna cosúil leis an gceann sa léaráid

TREORACHA:

1. Tarraing roth na ndathanna cosúil leis an gceann sa léaráid.
2. Tuar na dathanna tánaisteacha.
3. Cé na dathanna a mheascfaidh tú chun na dathanna tánaisteacha a dhéanamh? Pléigh é seo le do chairde.
4. Bain triail as. Líon isteach na spásanna ar roth na ndathanna.
5. Úsáid na torthaí chun na dathanna tánaisteacha a thaifeadadh. An raibh an ceart agat? Tá na freagraí ar leathanach eile.

DÚSHLÁIN BHREISE:

Cén dath a dhéanfá dá meascfá na trí dhath phríomhúla (dearg, buí, gorm) le chéile? Tuar.
Cé na dathanna a mheascfá chun donn agus liath a dhéanamh?

Gníomhaíocht

Eitleoga

Tá daoine ag baint sult as a bheith ag spraoi le heitleoga le 2000 bliain anuas. Bíonn an-tóir orthu fós ar fud an domhain. Ag an am seo den bhliain, bíonn féilte eitleog ar siúl sa tSín, sa tSeapáin agus i dtíortha eile san Áis chun teacht an earraigh a cheiliúradh. Go minic bíonn dathanna geala agus dearaí ar na heitleoga, agus bíonn eireaball dhaite ag síneadh amach uathu. Bíonn cuma chasta orthu ach is féidir leat eitleog a dhéanamh go héasca.

Dear agus déan eitleog a eitleoidh



BUNÁBHAIR:

- Bileog pháipéir A4
- Píosa fada téide
- Seilitéip
- Bata adhmaid m.sh. taca (support) plandaí, bata beárbaiciú
- Siosúr
- Marcóirí nó pinn fheilte
- Ribíní nó stiallacha plaisteacha. Is iad seo na heireaball agus coinneoidh siad an eitleog cobhsaí (stable).

TREORACHA:

1. Fill an páipear mar a fheiceann tú sna léaráidí.
2. Cuir seilitéip ar an bhfilleadh.
3. Greamaigh an bata leis an eitleog le seilitéip mar a fheiceann tú sa léaráid.
4. Greamaigh na ribíní nó na stiallacha plaisteacha leis an eitleog le seilitéip.
5. Déan poll trian den bhealach síos an liopa (flap).
6. Ceangail an téad tríd an bpoll.
7. Maisigh d'eitleog don earrach.

Anois tá tú réidh chun d'eitleog a chur ag eitilt. Bí cinnte go bhfuil dóthain spáis agat.



Aire: Ná cuir eitleog in aice le línte cumhachta leictreachais riamh.

SMAOINIGH AIR SEO:

An mbeadh páipéar síprise (crepe) nó plaisteach níos fearr?
An mbeadh sop óil níos fearr ná an píosa adhmaid?
An ndéanann an t-eireaball difríocht? Conas a thástálfá é seo?

Arbh eol duit?

Uaireanta cois trá, feicfidh tú daoine ag taisteal go tapa tríd an uisce agus iad á dtarraingt ag eitleoga an-mhóra (eitleoga le cumhacht). Tá na daoine seo ag déanamh clársheoltóireacht eitleoige (kitesurfing). Seasann siad ar chlár toinne (surfboard) beag. Is féidir é seo a dhéanamh freisin ar ghaineamh - seasann siad ar chlár ar a bhfuil rothaí - agus ar shneachta - seasann siad ar chlár sneachta (snowboard). Tarraingíonn eitleog iad ar fad.

Cumhacht an aeir

Tá eitleoga níos troime ná aer – mar sin, cén fáth a bhfanann siad thuas san aer? Go hiondúil, cuireann daoine eitleoga ag eitilt ar lá gaofar. Nuair a ghluaiseann aer cabhraíonn sé le rudaí fanacht thuas san aer. Is ionann an ghaoth agus aer atá ag gluaiseacht. Ach nuair nach mbíonn aer ag gluaiseacht, nó nuair a bhíonn sé ag gluaiseacht go mall, an ndéanann sé aon rud eile. Cuirfidh an chéad ghníomhaíocht eile ionadh ort.

Gníomhaíocht

Ní féidir é ...



BUNÁBHAIR:

* 2 phíosa páipéir

TREORACHA:

1. Beir ar an dá phíosa páipéir os comhair do bhéil sa chaoi go bhfuil an dá phíosa i dteagmháil le chéile (féach ar an léaráid).
2. Tabhair dúshlán do do chairde – iarr orthu séideadh idir an dá phíosa páipéir chun iad a scaradh ó chéile. Tá sé dodhéanta is cuma cé chomh láidir agus a shéideann siad.

CÉN FÁTH A DTARLAÍONN SÉ SEO?

Bíonn aer áirithe ag gluaiseacht go tapa agus bíonn aer eile ag gluaiseacht go mall. Nuair a ghluaiseann aer go mall, is láidre a bhrúnn an t-aer sin in aghaidh rudaí ná an t-aer a ghluaiseann go tapa. Nuair a shéideann duine idir na píosaí páipéir, tá an t-aer sin ag gluaiseacht go tapa. Ach tá an t-aer ar gach aon taobh de na píosaí páipéir ag gluaiseacht go mall agus mar sin, brúnn an t-aer sin le chéile iad.



DÚSHLÁN BREISE:

Bain triail as an gcéad ghníomhaíocht eile. Pléigh gach rud a tharlaíonn le do mhúinteoir.

TREORACHA:

1. Cad a tharlóidh má bheireann tú greim ar stiall pháipéir agus má shéideann tú thar a bharr (féach ar an léaráid)? **Tuar.**
2. Cá bhfuil an t-aer ag gluaiseacht go tapa agus cá bhfuil an t-aer ag gluaiseacht go mall?
3. Bain triail as. An raibh an ceart agat?
4. Cad atá le foghlaim as seo faoi aer a ghluaiseann go mall agus aer a ghluaiseann go tapa?

Tráth na gCeist

Tá bláthanna an earraigh le feiceáil ar fud na tíre faoi láthair. Na bláthanna atá le feiceáil sna grianghraif fásann siad san earrach. Bíonn siad le feiceáil sna gairdíní agus sna páirceanna. Cad is ainm dóibh?

Meaitseáil an cur síos leis an ngrianghraf. Scríobh an litir cheart sa spás.

- **Plúirín Sneachta: Bíonn bláth beag bán orm agus bím cromtha (bent) síos. _____**
- **Lus an Chromchinn: Bíonn cruth thrumpa (trumpet) ar chuid de mo bhláth. _____**
- **Hiasaint: Bíonn a lán bláthanna beaga ar gach gas (stem) agam. _____**

- **Cróch: Táim beag agus bíonn cruth mar chupán ubhchruthach ar mo bhláth. _____**
- **Tiúilip: Táim ard, bíonn cruth mar chupán ar mo bhláth agus fásann bláthanna cosúil liom ar fud na hOllainne. _____**

Tá na freagraí ar leathanach eile.

Freagraí ar an gCrosfhocal

TRASNA: 1. Dearg, 3. Earrach 5. Sneachta, 6. Soilire, 7. Gabhlach

SÍOS: 2. Gorm, 3. Eitleog 4. Hoil, 8. Cuach.

Gníomhaíocht

Éin an Earraigh

Ní gá duit fanacht go mbíonn tú fásta suas chun obair eolaíoch a dhéanamh. Tá cabhair ag teastáil ó na heolaithe atá ag obair ar an tionscadal 'Spring Alive'. Níl le déanamh agat ach cur in iúl do Birdwatch Ireland cén uair a fheiceann tú Fáinleog, Cuach, Gabhlán Gaoithe (swift) agus Storc Bán den chéad uair i mbliana. Ná bí róbhuartha faoin Storc Ban – ní fheicimid in Éirinn go minic é. Má tá leicne dearga, bolg bán agus eireaball fada gabhlach (forked) ar an éan, is fáinleog é. Má tá sé dorcha ó bhun go barr agus go bhfuil an t-eireaball gabhlach gearr, is gabhlán gaoithe é. Nuair a thagann an chuach go hÉirinn, lorgaíonn sí nead éin eile agus beireann sí a cuid uibheacha ann. Tá breis eolais ar an tionscadal agus eolas ar chlárú le fáil ag *www.springalive.net.* Tá pictiúir de na héin ar an suíomh freisin.

DÚSHLÁN BREISE:
An dtagann mórán éan ar cuairt chuig ceantar na scoile?
Ar *www.birdwatchireland.ie/KidsZone,* tá eolas ar bhealaí chun staidéar a dhéanamh orthu agus ar ghníomhaíochtaí eile a bhaineann le héin.

Torthaí agus glasraí

Tosaíonn daoine ag cur barr, torthaí agus glasraí ina measc, san earrach. Cad í an difríocht idir glasraí agus torthaí? Go minic, bíonn síolta i dtorthaí, agus ní bhíonn síolta de ghnáth i nglasraí. Bíonn síolta i dtorthaí mar fásann siad as bláth an phlanda agus gineann (produces) bláth síolta. Ach rinne eolaithe obair ar thorthaí áirithe, m.sh bananaí agus fíonchaora, chun torthaí a fhás nach mbeadh síolta iontu, mar nach maith le daoine na síolta crua a bhlaiseadh ina mbéal. Uaireanta mar sin, bíonn sé deacair oibriú amach cé acu toradh nó planda é rud áirithe.

An torthaí nó plandaí iad na rudaí seo thíos? Féach ar an mbia féin más féidir. Cá háit a bhfásann siad ar an bplanda? Cuir tic sa cholún ceart.

Cúcamar	**Toradh?** ☐	**Glasra?** ☐
Soilire	**Toradh?** ☐	**Glasra?** ☐
Tráta	**Toradh?** ☐	**Glasra?** ☐
Cairéad	**Toradh?** ☐	**Glasra?** ☐

Pléigh an t-eolas seo le do mhúinteoir. Conas a shocraigh tú cé acu toradh nó planda é?

Crosfhocal



Trasna

1) Is dath príomhúil é. (5) _____
3) An chéad séasúr sa bhliain. (7) _____
5) Is bláth beag bán é an plúirín _____. (7)
6) Is glasra glas é. (7) _____
7) Bíonn eireaball fada _____ ar fháinleog. (8)

Síos

2) Is dath príomhúil é. (4) _____
3) Bíonn féile _____ acu sa tSín agus sa tSeapáin chun an t-earrach a cheiliúradh. (7)
4) Tugann muintir na hIndia _____ ar fhéile an earraigh. (4)
8) Beireann sí a cuid uibheacha i nead éin eile. (5) _____

Freagraí ar Thráth na gCeist:
Piúirín Sneachta: C, Lus an Chromchinn: E, Hiasaint: B, Crúch: A, Tuiliip: D
Freagraí ar Chéist na nDathanna Tánaisteacha:
Fanntbhuí (oráiste), Uaine (glas), Corcairghorm (violet)

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Centre for Science Education

TAIGHDE & TÉACS:
Paula Kilfeather, Cliona Murphy, Janet Varley & Fiachra O'Brolcháin.
Aistriúchán: Bairbre Ní Ógáin

EAGARTHÓIR: John Walshe
DEARADH: Smart Design
SCRÍOBH CHUIG:
Debbie Brennan, Eureka, Irish Independent, 27/32 Sráid Thalbóid, BÁC 1.

LÍNE DO CHUSTAIMÉIRÍ:
Tel: 023 32879
CUIR RÍOMHPHOST CHUIG:
eureka@independent.ie
www.independent.ie/eureka